Pobalscoil
Chorca Dhuibhne

1 Bealtaine 2020

A chara,

Beatha agus sláinte chugat.

Mar is eol duit tá an tSraith Shóisearach curtha ar ceal i mbliana. Mar sin fhéin tá ana-chuid oibre déanta ag do leanbh le trí bliana anuas. Teastaíonn uainn deis a thabhairt do na scoláirí an obair atá déanta acu a léiriú agus ag an am chéanna a chinntiú nach mbraitheann siad faoi bhrú. Beidh teastas ag teacht ón Roinn Oideachais agus Scileanna go luath sa scoilbhliain nua ag cruthú go bhfuil an tSraith Shóisearach déanta ag na scoláirí. Beidh teastas eile ón scoil ag déanamh cur síos ar thorthaí na measúnaithe a bheidh á rith againn ar scoil.

Seo iad na socruithe a bheidh i bhfeidhm againn do Bhliain 3 idir seo agus deireadh na bliana:

- Beidh na ranganna Zoom / múineadh ar líne ag dul ar aghaidh go dtí Dé Máirt an 19 Bealtaine.
- Tosnóidh scrúduithe do Bhliain 3 Déardaoin an 21 Bealtaine. Tá an clár ama faoi iamh.
- Beidh scrúdú dhá uair an chloig i Mata, Gaeilge agus Béarla.
- Beidh scrúdú uair an chloig sna hábhair eile.
- Beidh na scrúduithe á rith agus á gcur ar ais go dtí an múinteoir ar líne.
- Beidh tuairisciú déanta ar aon ábhar go bhfuil na MRBanna (Measúnaithe Rangbhunaithe) déanta ann.
- Beidh tuairisciú déanta ar aon ábhar go bhfuil obair phraiticiúil nó obair tionscnaimh déanta ann.
- Beidh torthaí na Nollag agus torthaí na réamhscrúduithe ar theastas na scoile chun aitheantas a thabhairt don obair leanúnach a deineadh ó thosach na bliana.
- Beidh an marc bunaithe ar an tionscnamh atá déanta acu cheana féin sa Reiligiún.

Tá na daltaí fhéin ar an eolas faoi na socruithe. Bhí cruinniú Zoom agam fhéin agus Elaine leo ar maidin chun an t-eolas a roinnt leo agus aon cheisteanna a bhí acu a fhreagairt.

Beidh cruinniú Zoom agam fhéin agus ag Elaine le tuismitheoirí Bhliain 3 Dé Máirt an 5 Bealtaine ag 1900. Má tá aon cheist agat tá fáilte romhat freastal ar an gcruinniú. Caithfear do sheoladh ríomhphoist a chur chugam (em@pcd07.ie) roimh maidin Dé Máirt ionas go mbeidh mé in ann an cuireadh don chruinniú a chur chugat.

Fad is atá na scrúduithe ag dul ar aghaidh beidh bhur dtacaíocht uainn age baile chun a chinntiú go bhfuil do mhac/iníonn in ann tabhairt faoin scrúdú le tacaíocht agus i slí macánta.
Má tá do mhac nó iníon gan teicneolaíocht nó muna bhfuil an leathanbanda oiriúnach tá sé fíor-thábhachtach é sin a chur in iúl dúinn. Is féidir sin a dhéanamh trí ríomhphost a chur chugam (em@pcd07.ie).

Tá sé ana-thábhachtach súil a choimeád ar Aip na scoile don eolas is déanaí, mar gurb é seo an tslí is éifeachtaí dúinn dul i dteagmháil libh i láthair na huaire.

Má tá aon cheist agat air seo is féidir leat dul i dteagmháil liom aon uair.

Le mór bhuíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

Bríd Ní Lúing
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta